Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**9307/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0154 (COD)**

**JAI 506**
**ASIM 56**
**CODEC 847**
**STATIS 34**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Bealtaine 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 307 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 307 final.

---

Faoi iamh: COM(2018) 307 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 16.5.2018
COM(2018) 307 final

2018/0154 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Bailíonn an Coimisiún (Eurostat) staidreamh ar bhonn rialta maidir le tearmann agus imirce bhainistithe, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Is iad an Rialachán seo agus Rialachán (AE) Uimh. 216/2010 ón gCoimisiún[2], ina sainítear na catagóirí éagsúla cúiseanna le haghaidh ceadanna cónaithe a eisiúint, na príomhionstraimí le haghaidh staidreamh éigeantach maidir le tearmann agus imirce bhainistithe. Ina theannta sin, bailíonn an Coimisiún (Eurostat) staidreamh maidir le himeachtaí riaracháin a bhaineann leis an imirce ar bhonn ionstraimí dlíthiúla eile faoina bhfuil bailiú sonraí éigeantach. Tagraíonn an staidreamh breise sin do na sonraí maidir le Cártaí Gorma AE (Treoir 2009/50/CE[3]), ceadanna aonair (Treoir 2011/98/AE[4]), oibrithe séasúracha (Treoir 2014/36/AE[5]), aistrithe ionchorparáideacha (Treoir 2014/66/AE[6]), agus taighdeoirí, mic léinn, oiliúnaithe, saorálaithe, daltaí agus lucht *au pair* (Treoir AE 2016/801[7]). Déantar foráil maidir leo i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 862/2007.

Tá athrú as cuimse tagtha ar an imirce chuig an Aontas Eorpach sna blianta beaga anuas. Chun dul i ngleic leis na dúshláin a chruthaítear de bhun an athraithe sin, rinne an Coimisiún an beartas imirce cuimsitheach, arna chur i láthair sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce[8], a chur chun feidhme agus a fhorbairt a thuilleadh, a bhfuil sé mar chuspóir de an dóigh a bhainistítear sreafaí imirce, laistigh agus lasmuigh den Aontas araon a fheabhsú agus áirítear leis sin meascán gníomhaíochtaí láithreacha chun freagairt ar an mórphlódú isteach

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 311/76 ón gComhairle maidir le staidreamh i ndáil le hoibrithe ón gcoigríoch a thiomsú (IO L 199, 31.7.2007, lch. 23).

2 Rialachán (AE) Uimh. 216/2010 ón gCoimisiún an 15 Márta 2010 lena gcuirtear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta chun feidhme, i ndáil le sainmhínithe ar chatagóirí na gcúiseanna le haghaidh ceadanna cónaithe (IO L 66, 16.3.2010, lch. 1).

3 Treoir 2009/50/CE ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 maidir leis na coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críocha fostaíocht ardcháilithe (IO L 155, 18.6.2009, lch. 17).

4 Treoir 2011/98/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun dul i mbun cónaithe agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibreoirí tríú tír a chónaíonn go dleathach i mBallstát (IO L 343, 23.12.2011, lch. 1).

5 Treoir 2014/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir leis na coinníollacha iontrála agus fanachta do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta mar oibrithe séasúracha (IO L 94, 28.3.2014, lch. 375).

6 Treoir 2014/66/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tír mar chuid den aistriú ionchorparáide (IO L 157, 27.5.2014, lch. 1).

7 Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le coinníollacha i ndáil le dul isteach agus cónaí na náisiúnach tríú tír chun críocha taighde, staidéar, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair *au pair* (IO L 132, 21.5.2016, lch. 21).

8 COM(2017) 558 final.

imirceach i dtreo na hEorpa agus athchóiriú struchtúrach timpeall ar cheithre cholún: (i) dreasachtaí na himirce neamhrialta a laghdú; (ii) bainistiú teorainneacha: beatha daoine a shábháil agus teorainneacha seachtracha a dhaingniú; (iii) Dualgas cosanta an Aontais: comhbheartas tearmainn láidir; (iv) beartas nua maidir leis an imirce dhleathach. Sa chomhthéacs sin, d'áitigh páirtithe leasmhara arís agus arís eile go bhfuil gá ann an bunús fianaise a neartú sna réimsí sin.

D'aithin an Coimisiún go rialta an gá feabhas a chur ar bhailiú staidrimh, go háirithe maidir leis na figiúirí faoi fhilleadh náisiúnach tríú tír a fhanann san Aontas go neamhdhleathach[9], agus maidir le leanaí[10]. Is tosaíocht cheana féin í i gclár oibre Eurostat le haghaidh 2018 freagairt do thimpeallacht bheartais atá nua agus níos dinimiciúla, le béim ar leith ar lucht iarrtha tearmainn agus ar fhorfheidhmiú an dlí i réimse na himirce (fillteacha san áireamh). Sonraítear gur féidir an reachtaíocht atá ann cheana a athbhreithniú chun dul i ngleic le tosaíochtaí úsáideoirí, lena n-áirítear ceanglais nua agus éiritheacha.

Comhlíonann inneachar agus cáilíocht an staidrimh Eorpaigh um imirce, a tháirgtear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 862/2007, riachtanais áirithe. Tá na laigí lena mbaineann ag éirí níos follasaí, áfach, go háirithe mar gheall ar fhorbairtí le déanaí maidir le himirce isteach san Aontas. Tá tuilleadh sonraí maidir le roinnt cineálacha nua imirce agus imirceach ag teastáil, agus is gá go mbeadh na sonraí sin níos cruinne, níos minice agus níos tráthúla. Níl foráil ar bith sa chreat dleathach atá ann cheana maidir le sonraí dá leithéid. Go dtí seo, táthar ag dul i ngleic leis na riachtanais nua ar bhonn iomlán deonach (.i. gan aon leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 862/2007), trí chomhaontú leis an sainghrúpa ábhartha i gcomhar leis na Ballstáit. Léiríonn an taithí maidir le staidreamh um fhilleadh nach mbíonn an cur chuige sin éifeachtúil i gcónaí. Is é an impleacht gur cheart Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 a leasú agus a fheabhsú d'fhonn a áirithiú go mbeidh an staidreamh ábhartha ar fáil go réidh.

Faoin gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce, tá na córais Eorpacha agus náisiúnta lena riartar tearmann agus imirce bhainistithe á n-athrú. Mar gheall ar thréithe ábhartha athraitheacha imirce agus imirceach, tá fíorghá ann an staidreamh a fheabhsú i gcomhréir le riachtanais athraitheacha na bpáirtithe leasmhara. Ciallaíonn sé sin gur gá an staidreamh a dhéanamh níos ábhartha, ionas gur féidir bonn fianaise níos láidre a fhorbairt ar mhaithe le déanamh beartas agus meastóireacht. Is é sin an chúis go luaitear sa Tuarascáil ón gCoimisiún ar dhul chun cinn an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an Imirce[11] gur léir go bhfuil gá le leasuithe sonracha ar Rialachán (CE) Uimh. 862/2007, i dtreo feabhsúcháin an-bheachta, go háirithe maidir le fillteacha (staidreamh níos minice), athlonnaíochtaí, ceadanna cónaithe agus leanaí imirceacha. Tugtar faoi deara sa 'Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an Imirce'[12], a lean é, go bhfuil an Coimisiún ag breithniú rialacha an Aontais i ndáil le bailiú agus rialtacht staidrimh maidir le himirce agus cosaint idirnáisiúnta a leasú d'fhonn forbhreathnú cuimsitheach a áirithiú agus chun dul i ngleic le cuid de na bearnaí arna sainaithint sa staidreamh atá ar fáil.

---

9 COM(2015) 453 final, 'Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le filleadh'.
10 COM(2017) 211 final, 'Imircigh ar leanaí iad a chosaint'.
11 COM (2017)669 final.
12 COM (2018)250 final.

Tá an tsaincheist sin níos géire do lucht déanta beartas ar leibhéal an Aontais agus maidir le meastóireacht ar bheartas. Tá éileamh soiléir ann feabhas a chur ar staidreamh maidir le himeachtaí riaracháin a bhaineann le himirce, d'fhonn athruithe beartais a tharla le déanaí nó atá ar na bacáin agus chun an Córas Staidrimh Eorpach (CSE)[13] a oiriúnú ionas gur féidir leis déileáil le hathruithe ar an imirce é féin agus ar bheartais ghaolmhara ar leibhéal an Aontais. Tá gá ann freisin a áirithiú go ndéantar tarchuir náisiúnta dheonacha sonraí ar bhonn níos iomláine agus níos iontaofa. Ina theannta sin, ní mór sásra a fhorbairt le haghaidh staidreamh imirce a fheabhsú a thuilleadh, ionas go mbeidh CSE níos freagrúla d'aon fhorbairt bhreise ar cheanglais maidir le staidreamh imirce. Tá dóchúlacht ann go leathnófaí go mear na bearnaí atá ann cheana idir an t-éileamh ar staidreamh dá leithéid agus ar an soláthar atá ar fáil, go háirithe maidir le déanamh beartas agus meastóireacht, mura ndéantar uasghrádú ar staidreamh Eorpach san fhearann seo, agus dá réir sin bac a chur ar lucht déanta beartas freagairt ar bhonn fianaise do dhúshláin a bhainfidh le himirce amach anseo.

Is é aidhm an togra seo tacú leis an gClár Oibre maidir leis an Imirce ionas gur féidir leis staidreamh atá níos fearr, níos tráthúla agus níos ábhartha don bheartas a chur ar fáil, agus chun an fhreagairt i leith na ndúshlán a thagann chun cinn de bhun na himirce a neartú. Go háirithe, déanfar uasghrádú ar staidreamh Eorpach maidir le tearmann agus imirce bhainistithe sa tionscnamh trí bhunús dleathach a chur ar fáil le haghaidh staidreamh atá á bhailiú faoi láthair ar bhonn deonach.

De bhun an ghnímh sin, chuirfeadh an t-athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 le hiomláine, cruinneas, tráthúlacht agus le cinnteacht maidir leis na tarchuir sonraí dheonacha a dhéanann údaráis náisiúnta cheana féin. Go háirithe, áireofar leis, go gcuirfear staidreamh ar fáil i réimsí ina bhfuil riachtanais shoiléire léirithe ag páirtithe leasmhara - maidir le tearmann, fillteacha (ar bhonn níos minice), athlonnú, ceadanna cónaithe agus leanaí ar imircigh iad.

Ag amharc anonn lastall de na riachtanais shonracha agus láithreacha sin, agus chun tacú le forbairtí amach anseo maidir le beartas imirce i gcoitinne, cuirfidh an t-athbhreithniú solúbthacht leabaithe ar fáil le haghaidh tuilleadh feabhsuithe ar staidreamh imirce. Déanfar foráil freisin maidir le freagrúlachta táscairí imirce nua a fhorbairt a thacóidh ar dhóigh níos fearr le tosaíochtaí 'an Chláir Oibre maidir le hImirce', trí bhonn fianaise a chur ar fáil. Cuirfidh solúbthacht dá leithéid le cáilíocht an staidrimh Eorpaigh, go príomha trí chur lena ábharthacht.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá ionchas ann go mbeidh an staidreamh uile maidir le tearmann agus imirce bhainistithe a bhailíonn Eurostat ar bhonn rialta go hiomlán i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 862/2007. Áirithíonn reachtaíocht eile freisin atá ann cheana maidir le soláthar sonraí don Choimisiún (Eurostat), eadhon Treoir 2009/50/CE, 2011/98/AE, 2014/36/AE, 2014/66/AE agus (AE) 2016/801 atá thuasluaite, comhsheasmhacht leis an gcreat modheolaíoch arna chur i bhfeidhm le Rialachán (CE) Uimh. 862/2007. Dá bhrí sin, beidh an leasú ar Rialachán (CE)

---

[13] Is ionann CSE agus comhpháirtíocht idir an t-údarás staidrimh Eorpach, arb é an Coimisiún (Eurostat) é, agus na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile atá freagrach i ngach Ballstát as staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh.

Uimh. 862/2007 ina chuidiú comhsheasmhacht uasta ar staidreamh a áirithiú sa réimse beartais seo trí chreat modheolaíoch comhsheasmhach aonair a chothabháil do staidreamh arna bhailiú san am atá thart, sa lá atá inniu ann agus sa todhchaí maidir le tearmann agus imirce bhainistithe. Rannchuideoidh an tionscnamh seo le cur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an Imirce.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Téann na leasuithe teoranta atá molta i ngleic le riachtanais nua agus le réimsí nach bhfuil clúdaithe go leordhóthanach atá éirithe níos follasaí de bhun na forbartha le déanaí ar bheartais shonracha a leagtar síos sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur i gcrích an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an Imirce. Áirítear leis sin an Comhchóras Eorpach Tearmainn, leanaí ar imircigh iad, imirce dhleathach, athlonnaíocht, cead isteach ar fhoras daonnúil agus cineálacha eile de chead isteach dleathach. D'fhonn comhsheasmhacht le beartais eile an Aontais a chosaint a thuilleadh, beidh an togra reatha ina dhlúthchuid den phacáiste 'Cur i gcrích chlár oibre an Aontais maidir le hImirce', lena n-áirítear roinnt tionscnamh reachtach eile maidir le himirce atá molta ag an gCoimisiún. Tá solúbthacht na dtionscnamh seo deartha chun freagrúlachas agus comhsheasmhacht uasta a áirithiú sa todhchaí.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá Airteagal 338 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ina bhunús dlí don staidreamh Eorpach. Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, glacann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle bearta chun a áirithiú go dtáirgtear staidreamh, i gcás inar gá sin, chun go bhféadfaidh an tAontas a ról a fheidhmiú. Leagtar amach in Airteagal 338 na ceanglais le haghaidh staidreamh Eorpach a tháirgeadh atá riachtanach le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais a fheidhmiú, ar gá dóibh caighdeáin áirithe neamhchlaontachta, iontaofachta, oibiachtúlachta, neamhspleáchas eolaíoch, costéifeachtúlachta, agus rúndacht staidrimh gan ualaí iomarcacha a chur ar oibreoirí eacnamaíocha.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ní féidir le tíortha an Aontais a fheidhmíonn ar bhonn aonair cuspóir an tionscnaimh seo - athbhreithniú a dhéanamh agus bailchríoch a chur ar na rialacha comhchoiteanna atá ann cheana le haghaidh staidreamh Eorpach a bhailiú agus a thiomsú maidir le himirce agus cosaint idirnáisiúnta - a bhaint amach go leordhóthanach. Ag tabhairt scála an tionscnaimh san áireamh agus an gá le haghaidh inchomparáideachta, is féidir é a bhaint amach ar bhonn níos fearr ar leibhéal an Aontais. Chun staidreamh a thiomsú maidir le himirce agus cosaint idirnáisiúnta ar leibhéal an Aontais, tá modheolaíocht chaighdeánach de dhíth, agus ní mór aschuir chaighdeánacha a bhfuil sé ar Bhallstáit iad a chur ar fáil a shainiú.

Níl na riachtanais nua i ndáil le staidreamh maidir le tearmann agus imirce bhainistithe i gcomhréir leis an gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce agus forbairt an chláir oibre sin clúdaithe sa Rialachán reatha, (CE) Uimh. 862/2007. Ní mór leasú a dhéanamh ar an Rialachán dá réir sin más gá bunús iontaofa a chur ar fáil le haghaidh na sonraí riachtanacha a thiomsú. Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta mar nach dtagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh. Is é cuspóir an tionscnaimh seo a áirithiú go mbeidh na sonraí atá á roinnt faoi láthair ag na húdaráis náisiúnta ar bhonn deonach níos iomláine agus níos iontaofa; foráil a dhéanamh maidir le feabhsúcháin sa todhchaí ar staidreamh imirce; agus

chun a thaispeáint go bhfuil an Coimisiún freagrúil don ghá sonraí imirce a fhorbairt a thacóidh ar bhonn níos fearr le tosaíochtaí an chláir oibre maidir le himirce. Is féidir leis na húdaráis náisiúnta éagsúla na sonraí lena mbaineann a bhailiú. Féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh sa réimse sin i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, de réir mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta. Is féidir freastal ar riachtanais páirtithe leasmhara arna nginiúint de bhun na ngníomhaíochtaí ar tugadh fúthu ag féachaint don Chlár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce trí leasú teoranta ar Rialachán (CE) Uimh. 862/2007, atá bunaithe go mór ar na bailiúcháin dheonacha sonraí atá ann cheana, agus trí sholúbthacht a thabhairt isteach bunaithe ar ghníomhartha cur chun feidhme. Mar gheall air sin beidh sé indéanta freastal ar bhonn níos tapa ar riachtanais sonraí nua agus éiritheacha sa todhchaí.

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní bhaineann an rialachán atá molta ach leis an íosmhéid a theastaíonn chun a chuspóir a bhaint amach agus ní ghabhann sé lastall den mhéid atá riachtanach don chuspóir sin.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: rialachán. I bhfianaise chuspóirí agus inneachar an togra, agus ó tharla gur togra lena leasaítear rialachán ar ann dó cheana atá i gceist leis an togra, meastar gur rialachán is oiriúnaí mar ionstraim sa chás seo.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex-post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair**

De réir mar atá riachtanach ag Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007, chuir an Coimisiún dhá thuarascáil isteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an staidreamh atá tiomsaithe i gcomhréir leis an Rialachán agus maidir lena cháilíocht[14]. Is tosca deiridh é gur cheart go léireodh na sonraí atá ag teastáil de bhun an Rialacháin riachtanais athraitheacha úsáideoirí, agus acmhainneacht soláthraithe sonraí a thabhairt san áireamh freisin. Dá thoradh sin rinneadh moltaí le haghaidh leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 862/2007, chun dí-chomhiomlánuithe sonracha nua a chur leis.

Rinneadh scrúdú sa dá thuarascáil lena mbaineann ar na sonraí atá ann cheana i gcoinne na gcritéar cáilíochta atá níos sonracha agus níos mionsonraithe fiú le haghaidh staidreamh Eorpach dá bhforáiltear faoi Rialachán (CE) Uimh. 223/2009[15]. Shocraigh siad gur gá na

[14] COM(2015) 374 agus COM (2012) 528 final.

[15] Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir

sonraí atá ag teastáil de bhun Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 a fheabhsú chun na critéir cháilíochta, go háirithe ábharthacht, poncúlacht agus tráthúlacht, a chomhlíonadh. Chun freagairt go cruinn, thosaigh Eurostat le bailiúcháin dheonacha sonraí lenar dearbhaíodh an gá le sonraí níos tráthúla agus le sonraí dí-chomhiomlánaithe. Ar bhonn na mbailiúchán deonach sin, freagraíonn an togra atá beartaithe go díreach agus go cruinn leis na riachtanais arna sainaithint.

Tá sé níos soiléire ná riamh de thoradh na bhforbairtí is déanaí sa ghéarchéim imirce nach bhfuil minicíocht agus leibhéal dí-chomhiomlánaithe staidrimh dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ina fhoirm reatha leordhóthanach a thuilleadh chun críocha faireachán beartas, de réir mar atá mínithe sa Teachtaireacht ón gCoimisiún *Progress Report on the Implementation of the European Agenda on Migration*[Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an Imirce] [16]. Maidir le minicíocht na sonraí, mar shampla, ní bhíonn sonraí bliantúla ar fhillteacha na náisiúnach tríú tír a bhailíonn Eurostat minic go leor le haghaidh faireachán géar ar fhorbairtí i réimse an bheartais um fhilleadh. Tá leibhéal neamhleordhóthanach an dhí-chomhiomlánaithe sonraí agus na bearnaí faisnéise maidir le torthaí le haghaidh leanaí lena n-áirítear nósanna imeachta tearmainn na mionaoiseach neamhthionlactha ina samplaí d'easnaimh sna sonraí atá ag teastáil chun faireachán a dhéanamh ar chás an ghrúpa iarrthóirí tearmainn thar a bheith leochaileach sin. Mar gheall ar ról tábhachtach an staidrimh atá cuimsithe sa rialachán seo maidir le déanamh beartas, tá sé tábhachtach go mbeadh clúdach iomlán ar gach Ballstát mar aon le cinnteacht maidir le tarchuir sonraí, rud nach féidir a áirithiú le bailiú deonach. Tá togra le haghaidh rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2009 ar an t-aon dóigh chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Tá na conclúidí atá leagtha amach i dtuarascáil 2012 agus 2015 de chuid an Choimisiúin bunaithe ar chomhar le húdaráis náisiúnta thíortha an Aontais le breis agus deich mbliana. Rinneadh measúnú ar laigí an chreat reatha i ndlúthchomhar leis na hArd-Stiúrthóireachtaí beartas lena mbaineann - go príomha Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile agus Ard-Stiúrthóireacht an Cheartais, ach le gníomhaireachtaí an Aontais freisin atá gníomhach i réimse na himirce (EASO, FRONTEX agus FRA) - agus i suíomhanna éagsúla (cruinnithe aghaidh ar aghaidh, sainghrúpaí agus comhdhálacha staidrimh). Bhain an measúnú sin le páirtithe leasmhara eile, amhail taighdeoirí, grúpaí abhcóideachta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Reáchtáladh comhphléití leanúnacha de chineál comhchosúil le soláthraithe sonraí náisiúnta arna n-ionadú ag aireachtaí gnóthaí baile nó ceartais nó ag údaráis inimirce náisiúnta ghaolmhara thíortha san Aontas, ag cruinnithe sainghrúpaí agus ag cruinnithe eile.

Mar fhreagairt ar an ionchur a fuarthas i gcúrsa na gcomhphléití thuasluaite, tá sraith bailiúcháin sonraí deonacha forbartha ag Eurostat atá deartha chun tús a chur le líonadh na mbearnaí sonraí arna sainaithint. Tá an gá le haghaidh solúbthachta tugtha san áireamh. Le breis agus 10 mbliana, ag 10 gcruinniú sainghrúpa, tá na fadhbanna a eascraíonn as teorainneacha an staidrimh arna bhailiú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 á bplé ag

---

le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

16 COM(2018) 250 final, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle, Progress report on the Implementation of the European Agenda on Migration (ar fáil i mBéarla amháin).

Eurostat. Tá na doiciméid a chuirtear i láthair ag na cruinnithe sainghrúpa sin, i dteannta le clár oibre agus miontuairiscí na gcomhphléití ar fáil don phobal. Is féidir iad a aimsiú i gcuid na rochtana oscailte de Circabc[17], ina gcuimsítear na doiciméid den Sainghrúpa maidir le Tearmann, Ceadanna Cónaithe, Forfheidhmiú agus Lánpháirtiú Imirceach[18]. Cuimsítear sa Sainghrúpa seo saineolaithe rialtais a dhéanann obair sa réimse maidir le tearmann agus imirce bhainistithe in aireachtaí gnóthaí baile nó in údaráis imirce náisiúnta. Ina theannta sin, chomh luath le 2009 dhearbhaigh Ard-Stiúrthóirí Institiúidí Staidrimh Náisiúnta na mBallstát an gá le haghaidh forbairt dá leithéid nuair a cuireadh béim ar ráiteas ag maíomh nach gcomhlíonann an staidreamh arna chlúdach le Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ach cuid de na riachtanais beartas le haghaidh faisnéise[19].

Beidh staidreamh an Aontais maidir le himirce níos ábhartha de bhun an tionscnaimh seo. De réir mar atá luaite thuas, is feiniméan mear-athraitheach é imirce a mbíonn beartais de dhíth ina leith ar féidir iad a oiriúnú go tapa le haghaidh riachtanais nua. Ciallaíonn sé sin gur gá go mbeadh faisnéis staidrimh thar a bheith solúbtha chun fanacht ábhartha.

D'adhmaigh Lárionad Eolais an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hImirce agus Déimeagrafaíocht (KCMD)[20] freisin roinnt uaireanta na teorainneacha atá ar an gcreat dlíthiúil reatha. Thug trí cheardlann KCMD maidir le sonraí imirce an Aontais an deis d'Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin bearnaí sonraí i staidreamh imirce a phlé agus chun rannchuidiú le plépháipéar, 'I dtreo beartas AE maidir le sonraí imirce'. Aithníodh sa pháipéar seo gníomhaíocht fhéideartha ar féidir í a ghlacadh chun bearnaí dá leithéid a líonadh.

Faoi dheoidh, bhí Eurostat rannpháirteach ar bhonn gníomhach i bhforbairt na Moltaí Idirnáisiúnta maidir le Staidreamh Dídeanaithe, ar ghlac Coimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe iad le déanaí. Áirítear leis na caighdeáin idirnáisiúnta atá molta ag an sainghrúpa a fhorbraíonn na moltaí sin glao le haghaidh sonraí níos mionsonraithe maidir le hiarrthóirí tearmann agus dídeanaithe, lena n-áirítear mionaoisigh neamhthionlactha.

Tugtar san áireamh sna feabhsúcháin sa togra atá beartaithe an fhíric go seolann an chuid is mó d'údaráis náisiúnta sonraí go deonach chuig Eurostat maidir le gach réimse atá clúdaithe faoi na leasuithe atá molta, nó a bhfuil sé ráite acu go bhfuil siad toilteanach é a dhéanamh. Cuirtear táblaí nuashonraithe ina leagtar amach na sonraí arna seoladh chuig Eurostat i láthair go rialta ag cruinnithe Sainghrúpa.

---

17 Is feidhmchlár é Circabc (Ionad Acmhainní um Chumarsáid agus um Fhaisnéis d'Údaráis, do Ghnóthaí agus do Shaoránaigh) a úsáidtear chun spásanna oibre comhoibríocha a chruthú inar féidir le pobail úsáideoirí obair le chéile thar an ngréasán agus faisnéis agus acmhainní a chomhroinnt.

18 https://circabc.europa.eu/w/browse/1977c9be-d5af-452a-9bf4-3b5e888fa35d (ní ar fáil ach amháin i mBéarla).

19 http://ec.europa.eu/eurostat/documents/1001617/4339944/malta-declaration.pdf/b83b3965-27f0-47af-8b3f-5c84735b91bc (ní ar fáil ach amháin i mBéarla).

20 Tá Grúpa Stiúrtha KCMD comhdhéanta as: JRC agus AS HOME (comhchathaoirleacha), SG, AS DEVCO, AS ECHO, AS RTD, AS ESTAT, EPSC agus EEAS. Tá na gníomhaíochtaí laethúla lena mbaineann á reáchtáil ag JRC. Is iad seo a leanas na hArd-Stiúrthóireachtaí atá bainteach le hobair KCMD; CLIMA, ECFIN, EAC, EMPL, JUST, NEAR, REGIO, COMM, mar aon le SG. Áirítear i measc comhpháirtithe straitéiseacha KCMD, inter alia, an Institiúid Idirnáisiúnta um Anailís ar Chórais Fheidhmithe (IIASA), an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM) – an tAirmheán Anailíse Sonraí Imirce Domhanda (GMDAC).

Níor cheart go méadódh na hathruithe atá molta an t-ualach a bhíonn ar na húdaráis náisiúnta éagsúla go suntasach, ós rud é go bhfuil siad bunaithe ar an mbailiúchán sonraí deonach atá ann cheana. Ina theannta sin, tá na sonraí sin ar fáil go ginearálta cheana i bhfoinsí riaracháin na n-údarás náisiúnta.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ag tabhairt san áireamh nach mbeadh tionchar suntasach ag an leasú molta ar Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ar an sochaí nó ar an ngeilleagar (féach an míniú thíos), chuaigh an Coimisiún (Eurostat) i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, ós rud é gurb iad na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta (NSIanna) a bhíonn freagrach as na gníomhaíochtaí go léir a bhaineann le staidreamh Eorpach a chomhordú ar leibhéal náisiúnta.

Ina theannta sin, mar phríomhúsáideoir beartais staidrimh maidir le himirce agus cosaint idirnáisiúnta, chuathas i gcomhairle roinnt uaireanta le hArd-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí baile an Choimisiúin agus aiseolas luachmhar curtha ar fáil aici.

Is iad seo a leanas na tosaíochtaí is tábhachtaí: minicíocht an staidrimh a mhéadú maidir le hoibleagáidí fágála agus maidir le fillteacha ó mhinicíocht bhliantúil go minicíocht ráithiúil, agus dí-chomhiomlánuithe breise a thabhairt isteach; dí-chomhiomlánuithe nua de staidreamh tearmainn de réir mionaoiseach neamhthionlactha a chur leo; staidreamh maidir le hathlonnaíochtaí a leasú; agus staidreamh a thabhairt isteach maidir le hiarrthóirí tearmann céaduaire, staidreamh nua maidir le hiarrataí athscrúdúcháin Bhaile Átha Cliath, agus leasuithe ar staidreamh maidir le ceadanna cónaithe.

I bhfianaise nádúr teoranta an togra seo, níor measadh gur ghá aon bhaint a bheith ag aon chomhlacht eile leis.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá na leasuithe atá molta bunaithe go mór ar na bailiúcháin sonraí dheonacha atá ann cheana agus a rinneadh ag an gcuid is mó de na húdaráis náisiúnta. Le linn na gcéimeanna a bhain le forbairt, cur chun feidhme agus bailiú sonraí deonach chuir an t-iliomad malartuithe le saineolaithe ó údaráis staidrimh náisiúnta le roghnú réitigh mhodheolaíocha agus theicniúla indéanta. Ina dhiaidh sin rinneadh na próisis a mhionchoigeartú agus a bharrfheabhsú ionas go bhféadfaidís freagairt ar an dóigh is fearr do riachtanais bheartais agus d'ábharthacht ar lámh amháin, agus d'infhaighteacht sonraí ar leibhéal náisiúnta ar an lámh eile. Corpraíonn na leasuithe atá mionsonraithe thíos na roghanna sin, a bhfuil seantaithí orthu, in acquis den Aontas Eorpach.

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair mar nach mbaineann aon iarmhairtí eacnamaíocha, sóisialta ná comhshaoil ar fiú trácht orthu leis an togra agus mar nach dtarraingeoidh sé aon chostas breise ar ghnólachtaí ná ar an bpobal i gcoitinne.

Tá an tionscnamh deartha go príomha chun Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 a leasú lena bhforáilfear maidir le bunús dlí do na bailiúcháin sonraí dheonacha atá ann cheana, agus maidir leis an tsolúbthacht is gá ag féachaint do riachtanais sonraí sa todhchaí. Go háirithe, níl aon athrú ar théamaí ná ar ábhar an staidrimh a bailíodh cheana faoin Rialachán seo i gceist leis.

Cuireann formhór mór na n-údarás náisiúnta san Aontas Eorpach an staidreamh arna iarraidh sna leasuithe atá beartaithe ar fáil ar bhonn deonach cheana nó tá sé tugtha le fios acu go

bhfuil siad réidh an staidreamh sin a chur ar fáil. Dá bharr sin, is conclúid é go bhfuil na sonraí sin ar fáil go ginearálta cheana i bhfoinsí riaracháin na mBallstát.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is conclúid é den mheastóireacht rialta ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana gur cheart go léireodh na sonraí atá ag teastáil de bhun an Rialacháin riachtanais athraitheacha úsáideoirí, agus acmhainneacht soláthraithe sonraí a thabhairt san áireamh ag an am céanna. Mar gheall air sin rinneadh moltaí go ndéanfaí an Rialachán a leasú trí dhí-chomhiomlánuithe nua a chur leis. Ar an dóigh sin, rinneadh forbairt bhreise ar bhailiúcháin sonraí dheonacha, agus tugadh san áireamh an gá le haghaidh solúbthachta. Níor cheart go mbeidh méadú suntasach ar ualach de thoradh na leasuithe, ós rud é go bhfuil siad bunaithe ar na bailiúcháin dheonacha atá ann cheana agus na sonraí ar fáil go ginearálta cheana féin i bhfoinsí riaracháin na mBallstát.

Ní chuimsíonn an tarchur sonraí atá molta sa leasú ach costais bhreise agus ualach atá diomaibhseach do na Ballstáit; laghdaíodh na hualaí de réir a chéile mar gheall ar an malartú leanúnach taithí agus cleachtaidh idir soláthraithe sonraí náisiúnta i gcúrsa na gcruinnithe sainghrúpa thar na blianta. Baineadh amach feabhsúcháin shuntasacha ar mhodhanna tarchuir de réir a chéile, a laghdaigh an dua a bhíonn ag teastáil chun sonraí a ullmhú agus a sholáthar. I measc gníomhartha eile, rinne Eurostat formáidí tarchurtha sonraí a chur chun feidhme lena gcuirtear ar chumas soláthraithe sonraí náisiúnta sonraí a asbhaint go díreach óna mbunachair shonraí (agus dá réir sin tiomsuithe sonraí am-íditheacha de láimh i bhformáid Excel a sheachaint) agus iad a chur ar fáil trí uirlisí tarchurtha uathoibríocha lena n-áirítear nósanna imeachta bailíochtaithe caighdeánaithe agus uathoibríocha.

Laghdaíonn aiseolas meandrach cáilíochta an dua a bhíonn ag teastáil, ós rud é go mbíonn cásanna dá thoradh sin nach mbíonn ar Bhallstáit sonraí a chur ar fáil ach aon uair amháin, seachas é a bheith orthu tabhairt faoi arís agus arís eile. Dá thoradh sin baineadh amach gnóthachain éifeachtúlachta agus rinneadh an t-iliomad tarchur mar gheall ar earráidí a fhaightear sna sonraí arna gcur ar fáil a laghdú. Laghdaigh na gnóthachain éifeachtúlachta seo, a tháinig chun cinn ar leibhéal náisiúnta, na malartuithe idir soláthraithe sonraí náisiúnta agus an t-ualach atá orthu. Léiríonn aiseolas ó na tíortha lena mbaineann arna bhailiú ag cruinnithe sainghrúpa agus ar an leibhéal oibre go mbreithnítear gur laghdaigh na feabhsuithe seo an saothar agus na costais araon le haghaidh aonáin soláthair sonraí.

Rinne na Ballstáit a sásraí soláthair sonraí a chur ar bun cheana bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 862/2007. Íoslaghdaíonn an cur chuige go bhfanfaí laistigh den struchtúr sin maidir le cuimsiú na riachtanas reatha, agus le haghaidh sásra solúbthachta dírithe ar an todhchaí, an t-ualach breise ar sholáthraithe sonraí tríd an gcreat modheolaíoch céanna a choimeád.

- **Cearta bunúsacha**

Trí iomláine, cruinneas, tráthúlacht agus cinnteacht a fheabhsú maidir leis na tarchuir dheonacha sonraí a dhéanann údaráis náisiúnta cheana, agus trí solúbthacht leabaithe a chur ar fáil le haghaidh tuilleadh feabhsuithe ar staidreamh imirce, d’fhonn cáilíocht agus ábharthacht staidrimh Eorpaigh a fheabhsú sa réimse sin chun críocha déanamh beartas agus meastóireachta, tacaíonn an togra le cur chun feidhme na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 18 (An ceart ar thearmann), Airteagal 19 (Cosaint i gcás asbhainte, díbeartha nó eiseachadta) agus Airteagal 24 (Cearta an linbh).

Ina theannta sin, is iad na nithe is mó atá le cur san áireamh i leith an togra seo na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige ar chosaint sonraí pearsanta (a leagtar síos cearta ina comhair le hAirteagal 8 (Cosaint sonraí pearsanta) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, le hAirteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus i reachtaíocht thánaisteach[21]). Ní shamhlaítear, áfach, in aon cheann de na forálacha go dtiocfaidh athrú ar fhorálacha maidir le cosaint sonraí pearsanta. Tá feidhm i gcónaí ag na hoibleagáidí atá ann cheana le haghaidh Institiúidí Náisiúnta Staidrimh agus ag ráthaíochtaí gaolmhara agus ag na coimircí faoin reachtaíocht náisiúnta agus AE maidir le cosaint sonraí i réimse an staidrimh. Foráiltear leis sin maidir le creat dlíthiúil stóinsithe lena gcuimsítear na gnéithe go léir atá ábhartha do chosaint sonraí, amhail rúndacht freagróirí a chosaint, taifid a anaithnidiú agus freagraí ar cheistiúcháin a chosaint nuair is infheidhme.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht ag an togra ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ós rud é go bhfuil na leasuithe atá molta bunaithe ar na tarchuir sonraí dheonacha atá ann cheana, bheadh cur chun feidhme teoranta d'áireamh na bhforálacha nua sa reachtaíocht, agus déanfar faireachán orthu de réir mar is gá go dlíthiúil.

Sainordaítear in Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 gur gá don Choimisiún, aon uair amháin gach trí bliana ó 2012 ar aghaidh, tuarascáil faireacháin agus meastóireachta a chur isteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an staidreamh arna thiomsú i gcomhréir leis an rialachán seo agus maidir lena gcáilíocht. Ghlac an Coimisiún an Tuarascáil is déanaí ar staidreamh maidir le himirce agus cosaint idirnáisiúnta an 30 Iúil 2015[22], agus an chéad cheann eile le bheith réidh faoi Lúnasa 2018.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ar bhonn an aiseolais ónar bpáirtithe leasmhara, go háirithe ón Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile, cinneadh go bhfuil na tosaíochtaí is práinní bunaithe ar na bearnaí is tromchúisí atá ann cheana mar seo a leanas:

---

[21] Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch.1) agus Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (OJ L 8, 12.1.2001, lch. 1).

[22] COM (2015) 374.

minicíocht an staidrimh a mhéadú maidir le fillteacha agus maidir le hoibleagáidí fágála ó mhinicíocht bhliantúil go minicíocht ráithiúil, agus dí-chomhiomlánuithe breise a thabhairt isteach;

dí-chomhiomlánuithe nua ar staidreamh tearmainn de réir mionaoisigh neamhthionlactha; agus

dí-chomhiomlánuithe nua ar staidreamh athlonnaíochta a chur leo; agus staidreamh a thabhairt isteach maidir le hiarrthóirí tearmann céaduaire mar aon le staidreamh nua maidir le hiarrataí athscrúdúcháin Bhaile Átha Cliath; agus dí-chomhiomlánuithe nua ar staidreamh maidir le ceadanna cónaithe a thabhairt isteach.

D'fhéadfaí freastal ar na riachtanais arna léiriú ag páirtithe leasmhara trí leasú teoranta ar Rialachán (CE) Uimh. 862/2007, bunaithe go mórmhór ar na bailiúcháin sonraí dheonacha atá ann cheana, i gcomhcheangal le tabhairt isteach solúbthachta ionas gur féidir freastal ar riachtanais sonraí nua agus éiritheacha ar bhonn níos tapa sa todhchaí.

Ní athraíonn an togra bunbhrí Rialachán (CE) Uimh. 862/2007, mar ní leasaíonn sé aon phioc níos mó ná mar is gá chun na cuspóirí teoranta lena mbaineann a bhaint amach.

Moltar dá réir sin go ndéanfarforálacha áirithe Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 a leasú nó a athsholáthar mar seo a leanas:

Airteagal 4:

Le haghaidh staidreamh maidir le cosaint idirnáisiúnta, foráiltear sa leasú maidir le dí-chomhiomlánú de réir mionaoisigh neamhthionlactha a thabhairt isteach, staidreamh nua maidir le 'hiarrataí athscrúdúcháin' Bhaile Átha Cliath agus 'iarrthóirí tearmainn céaduaire' a thabhairt isteach, agus dí-chomhiomlánuithe arna n-iarraidh de réir 'tír chónaithe' agus de réir 'an chineáil cinnidh tearmainn' a thabhairt isteach i gcás daoine atá faoi réir scéim athlonnaithe.

Airteagal 6:

Le haghaidh staidreamh maidir le ceadanna cónaithe, foráiltear sa leasú maidir le tuilleadh dí-chomhlánuithe de réir aoise agus inscne, a bhfuil gá leo freisin. Ina theannta sin, tugtar isteach miondealú ar líon na gcónaitheoirí fadtéarma de réir an stádais fhadtéarma.

Airteagal 7:

Le haghaidh staidreamh faoi náisiúnaigh tríú tír a mbreithnítear iad a bheith i láthair go neamhdhleathach ar chríoch an Bhallstáit agus atá faoi réir cinneadh riaracháin nó breithiúnach nó faoi réir beart lena sonraítear nó lena bhfógraítear go bhfuil sé neamhdhleathach dóibh fanacht agus a chuireann oibleagáid orthu imeacht ó chríoch an Bhallstáit, agus le haghaidh staidreamh maidir le náisiúnaigh tríú tír a d'fhág críoch an Bhallstáit tar éis cinneadh nó beart riaracháin nó breithiúnach, foráiltear sa leasú maidir le hathrú ar an minicíocht ó 'bhliantúil' go 'ráithiúil'.

Le haghaidh staidreamh maidir le náisiúnaigh tríú tír a d'fhág críoch an Bhallstáit lena mbaineann tar éis cinneadh nó beart riaracháin nó breithiúnach, foráiltear sa leasú maidir le trí dhí-chomhiomlánú a thabhairt isteach: 'An cineál fillte agus an cúnamh a fuarthas', 'An cineál nós imeachta um chomhaontú' agus 'An tír chinn scríbe'.

Sriostar Airteagal 8 ós rud é go bhfuil sé imithe i léig.

D'fhonn infhaighteacht níos fearr ar staidreamh Eorpach a áirithiú maidir le tearmann agus imirce bhainistithe agus chun sásra solúbthachta a áirithiú, leasaítear Airteagal 10(1) tríd an

gCoimisiún a chumhachtú gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun éifeacht a chur leis na forálacha maidir le dí-chomhiomlánuithe trí inneachar an staidrimh a mhionsonrú i gcomhréir le hAirteagail 4, 5, 6 agus 7.

2018/0154 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Bunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23] creat comhchoiteann, inchomparáide dlí le haghaidh staidreamh Eorpach maidir leis an imirce agus cosaint idirnáisiúnta.

(2) Chun freagairt ar riachtanais nua laistigh den Aontas le haghaidh staidreamh maidir le tearmann agus imirce bhainistithe, agus ós rud é go bhféadfaidh tréithe na himirce athrú go tapa, teastaíonn creat lenar féidir freagairt thapa a thabhairt do riachtanais athraitheacha i ndáil le staidreamh maidir le tearmann agus imirce bhainistithe.

(3) Chun tacú leis an Aontas freagairt go héifeachtach do na dúshláin a ghabhann leis an imirce, tá gá le sonraí ar thearmann agus ar imirce bhainistithe ar bhonn níos minice ná ar bhonn bliantúil.

(4) Tá staidreamh maidir le tearmann agus imirce bhainistithe ríthábhachtach chun staidéar, sainiú agus meastóireacht a dhéanamh ar raon leathan beartas, go háirithe maidir le freagairtí do theacht daoine a bhfuil cosaint san Eoraip á lorg acu.

(5) Chun cáilíocht na sonraí a chuireann na Ballstáit ar fáil, ó thaobh inchomparáideachta de go háirithe, a áirithiú, agus chun forbhreathnú iontaofa a tharraingt suas ar leibhéal

[23] Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 311/76 ón gComhairle maidir le staidreamh i ndáil le hoibrithe ón gcoigríoch a thiomsú (IO L 199, 31.7.2007, lch. 23).

an Aontais, ba cheart na sonraí a úsáidtear a bheith bunaithe ar na coincheapa céanna, agus ba cheart iad a bheith ag tagairt don dáta tagartha céanna nó don tréimhse thagartha chéanna.

(6) Ba cheart sonraí arna gcur ar fáil maidir le tearmann agus imirce bhainistithe a bheith comhsheasmhach leis an bhfaisnéis ábhartha arna bailiú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 862/2007.

(7) Le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] tugtar creat tagartha le haghaidh staidreamh Eorpach maidir leis an imirce agus cosaint idirnáisiúnta. Ceanglaítear leis go háirithe go gcomhlíonfar prionsabail an neamhspleáchais ghairmiúil, na neamhchlaontachta, na hoibiachtúlachta, na hiontaofachta, na rúndachta staidrimh agus na héifeachtúlachta costais.

(8) Agus staidreamh Eorpach á fhorbairt, á chur ar fáil agus á scaipeadh acu, ba cheart do na húdaráis staidrimh náisiúnta agus Eorpacha, agus, i gcás inarb infheidhme, údaráis náisiúnta agus réigiúnacha ábhartha eile, aird a thabhairt ar na prionsabail a leagtar amach i gCód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh, arna athbhreithniú agus arna nuashonrú ag an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach an 28 Meán Fómhair 2011.

(9) Ní féidir leis na Ballstáit agus iad ag gníomhú dóibh ina n-aonar cuspóir an Rialacháin seo, eadhon athbhreithniú a dhéanamh agus bailchríoch a chur ar na rialacha comhchoiteanna atá ann cheana le haghaidh staidreamh Eorpach a bhailiú agus a thiomsú maidir leis an imirce agus cosaint idirnáisiúnta, a ghnóthú go leordhóthanach. Seachas sin, ar chúiseanna comhchuibhithe agus inchomparáideachta, is fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas Eorpach bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán sin thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(10) Ráthaítear leis an Rialachán seo an ceart go n-urramófar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh agus go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, de réir mar a leagtar amach in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(11) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le dí-chomhiomlánuithe a shonrú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(25)].

---

[24] Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

[25] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 a leasú dá réir sin.

(13) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 4 mar seo a leanas:

(a) I mír 1, cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

'(d) líon na ndaoine a chuir isteach iarratas ar chosaint idirnáisiúnta nó a áiríodh in iarratas den sórt sin mar bhall teaghlaigh i rith na tréimhse tagartha agus a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta á chur isteach acu den chéad uair.'

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deiridh de mhír 1:

'Déanfar an staidreamh sin a dhí-chomhiomlánú de réir aoise agus de réir inscne agus de réir shaoránacht na ndaoine lena mbaineann, agus de réir mionaoisigh neamhthionlactha. Bainfidh an staidreamh sin le tréimhsí tagartha míosa féilire amháin agus soláthrófar don Choimisiún (Eurostat) é laistigh de dhá mhí ó dheireadh na míosa tagartha. Eanáir 2020 an chéad mhí tagartha a bheidh i gceist.'

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deiridh de mhír 2:

'Déanfar an staidreamh sin a dhí-chomhiomlánú de réir aoise agus de réir inscne agus de réir shaoránacht na ndaoine lena mbaineann, agus de réir mionaoisigh neamhthionlactha. Bainfidh an staidreamh sin le tréimhsí tagartha trí mhí féilire agus soláthrófar don Choimisiún (Eurostat) é laistigh de dhá mhí ó dheireadh na tréimhse tagartha. Eanáir go Márta 2020 an chéad tréimhse thagartha a bheidh i gceist.'

(d) I mír 3, scriostar pointe (a).

(e) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deiridh de mhír 3:

'Déanfar an staidreamh sin faoi phointí (b), (c), (d), (e), (f) agus (g) a dhí-chomhiomlánú de réir aoise agus de réir inscne agus de réir shaoránacht na ndaoine lena mbaineann, agus de réir mionaoisigh neamhthionlactha. Ina theannta sin, le haghaidh phointe (g), déanfar staidreamh a dhí-chomhiomlánú de réir thír an chónaithe agus de réir an chineáil cinnidh um thearmann. Bainfidh an staidreamh sin le tréimhsí tagartha bliana féilire amháin agus soláthrófar don Choimisiún (Eurostat) é laistigh de thrí mhí ó dheireadh na bliana tagartha. Is é 2020 an chéad bhliain tagartha.'

(f) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d) i mír 4:

'(d) líon na n-aistrithe a rinneadh de bharr na gcinntí dá dtagraítear i bpointe (c) agus pointe (h);'

(g) Cuirtear na pointí (f), (g) agus (h) seo a leanas le mír 4:

'(f) líon na n-iarrrataí athscrúdúcháin le haghaidh iarrthóir tearmainn a thógáil ar ais agus feighil a ghlacadh ina leith;'

(g) na forálacha a bhfuil na hiarrataí dá dtagraítear i bpointe (f) bunaithe orthu;

(h) na cinntí a rinneadh mar fhreagairt ar na hiarrataí dá dtagraítear i mír (f).'

(e) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deiridh de mhír 4:
'Bainfidh an staidreamh sin le tréimhsí tagartha bliana féilire amháin agus soláthrófar don Choimisiún (Eurostat) é laistigh de thrí mhí ó dheireadh na bliana tagartha. Is é 2020 an chéad bhliain tagartha.'

(2) Leasaítear Airteagal 6 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Soláthróidh na Ballstáit staidreamh don Choimisiún (Eurostat) maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) líon na gceadanna cónaithe a eisíodh do dhaoine ar náisiúnaigh tríú tíortha iad, á ndí-chomhiomlánú mar a leanas:

(i) ceadanna a eisíodh i rith na tréimhse tagartha lena ndeonaítear cead cónaithe do dhuine den chéad uair, á ndí-chomhiomlánú de réir saoránachta, de réir na cúise ar eisíodh an cead, agus de réir fhad bailíochta an cheada, de réir aoise agus de réir inscne;

(ii) ceadanna a eisíodh i rith na tréimhse tagartha agus a deonaíodh tráth a ndearna duine stádas inimirce nó cúis fanachta a athrú, á ndí-chomhiomlánú de réir saoránachta, de réir na cúise ar eisíodh an cead agus de réir fhad bailíochta an cheada, de réir aoise agus de réir inscne;

(iii) ceadanna bailí i ndeireadh na tréimhse tagartha (líon na gceadanna a eisíodh, nár tarraingíodh siar agus nach ndeachaigh in éag), á ndí-chomhiomlánú de réir saoránachta, de réir na cúise ar eisíodh an cead, de réir fhad bailíochta an cheada, de réir aoise agus de réir inscne;

(b) líon na gcónaitheoirí fadtéarma ag deireadh na tréimhse tagartha, arna ndí-chomhiomlánú de réir saoránachta, de réir an chineáil stádais fadtéarma, de réir aoise agus de réir inscne.'

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'Bainfidh an staidreamh dá dtagraítear i mír 1 le tréimhsí tagartha bliana féilire amháin agus soláthrófar don Choimisiún (Eurostat) é laistigh de shé mhí ó dheireadh na bliana tagartha. Is é 2020 an chéad bhliain tagartha.'

(3) Leasaítear Airteagal 7 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe (b):

'(b) líon na náisiúnach tríú tír a d'fhág críoch an Bhallstáit, tar éis cinneadh nó gníomh riaracháin nó breithiúnach, dá dtagraítear i bpointe (a), á ndí-chomhiomlánú de réir shaoránacht na ndaoine a cuireadh ar ais, de réir an chineáil fillte agus an chúnaimh a fuair siad, agus de réir na tíre cinn scríbe.'

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Bainfidh an staidreamh dá dtagraítear i mír 1 le tréimhsí tagartha trí mhí féilire agus soláthrófar don Choimisiún (Eurostat) é laistigh de dhá mhí ó dheireadh na tréimhse tagartha. Eanáir go Márta 2020 an chéad tréimhse a bheidh i gceist.'

(4) Scriostar Airteagal 8.

(5) Leasaítear Airteagal 10 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun dí-chomhiomlánuithe a shainiú i gcomhréir le hAirteagail 4, 5, 6 agus 7 agus chun na rialacha a leagan síos maidir leis na formáidí cuí le haghaidh sonraí a tharchur de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 9.

Is i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(2) a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin.'

(b) Scriostar mír 2, pointe (d).

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm ag mír (1) agus ag mír (2) d'Airteagal 4 agus ag pointe (b) de mhír (1) agus mír (2) d'Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ón 1 Márta 2020.

Beidh feidhm ag mír (3) agus ag mír (4) d'Airteagal 4 agus ag mír (1) agus mír (3) Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ón 1 Iúil 2020.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |